Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

***Lorgaítear iarratais ó dhaoine atá cáilithe go cuí le bheith curtha ar phainéal don phost seo a leanas ónar féidir folúntais Bhuana agus/nó Shealadacha a thagann chun cinn le linn shaolré an phainéil a líonadh.***

# OIBRÍ TACAÍOCHTA LÁNPHÁIRTÍOCHTA (GRÁD VI)

**Caithfidh gach iarrthóir, ar an dáta is déanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais, an méid seo a leanas a bheith acu:**

a) 3 bliana ar a laghad de thaithí ar a bheith ag obair i ról den chineál céanna le grúpaí éagsúla i suíomh forbartha pobail;
b) Eolas maith oibre ar an tsamhail phríomhshrutha lánpháirtíochta agus ar na beartais lena rialaítear córas Cosanta Idirnáisiúnta na hÉireann, clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe agus clár na hÉireann um Chosaint Shealadach;
c) Taithí ar thacaíocht aonair agus ar fhor-rochtain a sholáthar;
d) Taithí ar a bheith ag obair le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí seachtracha eile, lena n-áirítear an earnáil dheonach agus an earnáil phoiblí araon;
e) Eolas maith oibre ar an earnáil óige agus an cumas iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (IP), Dídeanaithe Cláir agus Tairbhithe de Chosaint Shealadach (BOTP) idir 15-24 bliana d'aois a nascadh leis na seirbhísí tacaíochta cuí;
f) Tuiscint láidir ar choincheap na héagsúlachta cultúrtha agus an cumas cur chuige oibre a oiriúnú chun glacadh le go leor náisiúntachtaí agus cultúir éagsúla;
g) Eolas críochnúil ar phrionsabail agus ar phróisis na forbartha pobail le saineolas i raon leathan samhlacha forbartha, go háirithe iad siúd atá oiriúnach do ghrúpaí mionlaigh eitneacha;
h) Ceadúnas Tiomána Aicme B glan, reatha agus teacht ar charr dá c(h)uid féin;
i) Eolas sásúil ar eagrú seirbhíse poiblí nó an cumas eolas den sórt sin a fháil.

***Tuarastal: €57,322 - €70,030***

*Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí beart gearrliostaithe a dhéanamh sa chás go bhfaightear líon mór iarratas.*

Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.galway.ie nó is féidir iad a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh — Teil; 091 509303, ríomhphost hr@galwaycoco.ie. Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil **ná 4p.m. Déardaoin 25ú Meán Fómhair, 2025.**

***E. Ruane, Stiúrthóir Seirbhísí.***
***IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA Í COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE***